



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018

Tráth 3: Teaghlaigh an Ghrá

Boird Bhainistíochta

Réamhrá

Tá áit lárnach ag an ngrá maidir leis an tuiscint Chaitliceach i leith an teaghlaigh agus an phósta. Tugann na lánúineacha agus na clanna grá dá chéile go laethúil, cothaíonn siad é, agus glacann siad leis an mbronntanas ó Dhia agus óna chéile chomh maith. Deirtear go gcaithimid grá dúinn féin a léiriú sular féidir linn grá a léiriú don duine eile. In *Amoris Laetitia*, déanann An Pápa Proinsias trácht ar 1 Corantaigh 13. Déanann sé tagairt don fhriotal a úsáidtear in iomann an ghrá: 'ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, míchéadfach ná agrach'. Tugann an friotal seo le fios dúinn go mbaineann ligeann agus leas leis an ngrá. Mar sin, is tábhachtach an rud é go dtuigimid nach mbaineann stádas leis an bhféinghrá ach mar réamhriachtanas síceolaíoch le bheith in ann an grá don duine eile a léiriú: 'Má bhíonn duine gortach leis féin, cé leis a mbeidh sé fial? Ní bhainfidh sé sásamh fiú as a shaibhreas féin. Ní spriónlaithe aon duine ná an té atá spriónlaithe leis féin (Síorach 14:5–6)' (AL, 101).

Má thuigimid an grá mar a mhínítear sa Bhíobla é, tá sé soiléir go mbaineann uaisleacht níos mó leis an duine eile a ghrá, seachas sinn féin (AL, 101). Deir An Pápa Proinsias go gcaithfear an grá seo a léiriú ar bhealach fial saor, i mbriathar agus i gngíomh. Chomh maith leis an saol sa bhaile, baineann tábhacht ar leith leis na focail seo a úsáid i measc theaghlaigh scoile Caitliceacha: 'le do thoil', 'buíochas agus 'tá brón orm'. Léiríonn na natháin seo an grá neamhleithleach, cuirimid leas an duine eile roimh ár leas féin. Ag tagairt don dearcadh seo, molann An Pápa Proinsias dúinn gan a bheith spriónlaithe maidir leis na focail seo a úsáid. Iarann sé orainn iad a úsáid arís agus arís eile i rith an lae. An focal ceart ag an am ceart: caomhnaíonn agus cothaíonn sé an grá (AL, 133).

Mar bhaill de na Boird Bhainistíochta, tá sé de dhualgas orainn féachaint chuige go bhfoghlaimíonn baill na dteaghlaigh scoile gan a bheith sotalach, ach cead a lorg; a bheith neamhleithleach ar son leasa an duine eile agus buíochas a ghabháil; a thuiscent nuair nach mbíonn an ceart acu agus leithscéal a ghabháil. Má chotháitear úsáid na bhfocal seo agus an dearcadh carthanach i measc an teaghlaigh scoile, beidh lúcháir agus grá an Spioraid Naoimh go mór le sonrú ann. Ar an mbealach seo cuireann An Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn go nascann an cairdeas grámhar lena chéile sinn i measc an teaghlaigh, agus cuireann ar ár gcumas a bheith ag fás agus ag forbairt (AL, 133). Baineann a leithéid le dul chun cinn an teaghlaigh scoile. Spreagann láithreacht bheo an Spioraid Naoimh inár measc é. Is tábhachtach an rud é go nglacfadh baill na mBord Bhainistíochta an t-am chucu machnamh a dhéanamh ar an ábhar seo agus ar conas mar is féidir na teaghlaigh scoile a spreagadh le bheith mar theaghlaigh an ghrá.

Machnamh

- Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta an grá Críostaí agus an dearcadh carthanach a spreagadh agus a chothú i measc na mball?
- Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta an lámh chúnta a shíneadh i dtreo na ndaoine i measc an teaghlaigh scoile atá mar dhaoine imeallacha?
- Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta an téarmaíocht Chríostaí ('le do thoil', 'buíochas' agus 'tá brón orm') a chur chun cinn i measc an teaghlaigh scoile?
- Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta tacaíocht agus spreagadh breise a thabhairt don teaghlaigh scoile maidir le dul i ngleic le fiontair charthanachta na córa?



Paidir

Déan Dia a Ghrá Thar aon Rud Eile

A Dhia, a Athair liom,
deonaigh go ndéanfaidh mé tusa a ghrá go hiomlán agus thar aon rud eile.
Deonaigh go n-éireoidh liom an lúcháir a d'ullmhaigh tusa ar Neamh dom, a bhaint amach. Níl
maitheas i rud ar bith atá in aghaidh do thola.
Aon rud maith, bionn lámh ar leith agatsa ann.
Bíodh sé le sonrú ionam gurb é mian mo chroí é, tusa a shásamh.
Bíodh m'intinn lán de do ghrá, ionas go mbláthóidh an eagna ionam,
agus go mbeidh síocháin i gcónaí im' chroí.
Amen.

(Paidir ó: 'Catholic Online':
www.catholic.org/prayers/prayer.php?p=798)

B

Breathnaigh

Físeán ó ionad teilifíse na Vatacáine (CTV) d'aitheasc An Phápa Proinsias maidir le leithleachas a shárú, tugtha ag Aifreann na maidine, 17 Meitheamh 2013 (2 nóim 57): www.youtube.com/watch?v=qEsaHXbIP5k

L

Léigh

An Pápa Proinsias, seanmóir aspalda *Amoris Laetitia* (*Lúcháir an Ghrá*), 101–102, 133–5, 185–6, 296–7, 313:

w2.vatican.va/content/francesco/pdf/apost_exhortations/documents/papa-francesco_esortazione-ap_20160319_amoris-laetitia_en.pdf

An Pápa Proinsias, seanmóir aspalda *Misericordia et misera*, 1–11:

w2.vatican.va/content/francesco/en/apost_letters/documents/papa-francesco_bolla_20150411_misericordiae-vultus.pdf

Tréadlitir An Phápa Proinsias, *Laudato Si'* (*Aire don Domhan Coiteann*), 231:

w2.vatican.va/content/francesco/en/encyclicals/documents/papa-francesco_20150524_enciclica-laudato-si.pdf

An Pápa Proinsias, seanmóir aspalda *Evangelii Gaudium* (*Lúcháir an tSoiscéil*), 102, 143, 171, 176–81, 198–9, 205:

w2.vatican.va/content/francesco/en/apost_exhortations/documents/papa-francesco_esortazione-ap_20131124_evangelii-gaudium.pdf

An Pápa Beinidict XVI, seanmóir aspalda *Deus Caritas Est* (*An Grá Criostáil*), 19–25:

w2.vatican.va/content/benedict-xvi/en/encyclicals/documents/hf_ben-xvi_enc_20051225_deus-caritas-est.pdf

Naomh Eoin Pól II, seanmóir aspalda *Familiaris Consortio* (*Ról an Teaghlaigh Chriostáil*), 57, 64, 71:

w2.vatican.va/content/john-paul-ii/en/apost_exhortations/documents/hf_jp-ii_exh_1981122_familiaris-consortio.pdf



Eolas don Fhoireann

Réamhrá

Toisc go ndéanaimid an t-éiteas Caitliceach a leanúint mar oidí, ba mhaith linn na daltaí a spreagadh le bheith ag gníomhú ar bhealach a réitíonn le Briathar Dé. Ní éasca an rud é múineadh dá leithéid a chur i bhfeidhm.

Cuirtear go leor dúshlán romhainn inár saol scoile, i measc an teaghlaigh scoile. Ní éasca an rud é i gconaí don oide an dearcadh carthanach Críostaí a léiriú de réir an tSoiscéil: 'In aisce a fuair sibh; tugaigí uaibh in aisce (Matha 10:8).' Deir Briathar Dé: 'Ná bíodh aon duine agaibh ag cuimhneamh ar a leas féin amháin ach ar leas na gcomharsan chomh maith (Fil. 2:4).' Má dhéanaimid machnamh ar an sliocht seo, tagann focail an diagaire léannta meánaoiseach Naomh Tomás Acain chun cuimhne, nuair a dúirt sé gurbh fhearr an dearcadh carthanach a léiriú maidir le grá a bhronnadh ar an duine eile seachas a bheith á iarraidh dúinn féin. Bíonn an claoadh chun na carthanacha san i measc na múinteoirí Caitliceacha; bíonn an tsaoirse againn freastal iomlán a dhéanamh ar riachtanais na ndaltaí. Múnláíonn agus cothaíonn grá Dé agus an cineáltais agus an maithiúnas an dearcadh seo.

Nuair a ghlacaimid páirt mar chomhluadar na dteaghlaigh i gceiliúradh na hEocairiste, cothaítéar an dearcadh carthanach ionainn, dar leis An Pápa Proinsias. Déanaimid teagmháil chreidmheach charthanach le corp Chríost. 'Déanadh duine é féin a scrúdú mar sin sula gcaitheann sé an t-arán agus sula n-ólann sé as an gcupa (1 Cor 11:28)' (AL, 185). Cuireann sé ar shúile na dteaghlaigh go gcaithfear comhbhráithreachas a chothú leis an ngrúpa beagdheise (AL, 185). Mar bhaill de theaghlaigh grámhar na scoile caithfear an charthanacht a léiriú taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga chomh maith. Bíonn sé de dhualgas orainn gach aon bhall den phobal scoile a spreagadh leis an ngrá, an creideamh agus an dóchas a léiriú i leith na ndaoine imeallacha sa tsochaí. Má bhíonn oideachas flaithiúil de réir an tSoiscéil á chur ar fáil againn, bíonn sé éasca an grá agus an charthanacht dosháraithe a thabhairt faoi deara agus iad ag bláthú agus ag forbairt i saol na mac léinn.

Spreagann Naomh Tomás Acain sinn le bheith mar fhinnéithe ar an gcarthanacht gan teorainn Chríostaí. De réir an nádúir atá ann, ní féidir teorainn a chur leis an gcarthanacht. Is cuid de shaol síoraí an Spioraid Naoimh í. De réir mar a scaipeann daoine an charthanacht, is ea go dtuigtear dóibh go bhfuil níos mó fós le bronnadh acu. Is riachtanach an rud é go mbeadh na múinteoirí sna scoileanna Caitliceacha ag déanamh machnaimh eatarthu féin ar na dualgais atá orthu mar bhaill de theaghlaigh grámhar na scoile agus ar an fhreagracht atá ann an t-éiteas ceart a chothú.

Machnamh

'Má thugann tú do chuid aráin don ocrach agus a sháith don duine dearóil, éireoidh do sholas sa dorchadas' (Ís 58:10)

'Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan' (1 Cor 13:13)

- Baineann na tagairtí scrioptúrtha thus le coincheap an ghrá agus na carthanachta. Scríobh iontráil i ndíalann gach lá den tseachtain. Déan cur síos ar na bealaí éagsúla inar léirigh tú an grá agus an charthanacht le linn do chuid ama ar scoil. Déan machnamh ar an méid a scríobh tú agus ar an tionchar atá ag an ngrá agus ag an gcarthanacht maidir le saol an duine eile a fheabhsú. An bhféadfá a bheith mar fhinné níos fearr ar an ngrá agus ar an gcarthanacht le linn do chuid oibre scoile?
- Breathnaigh ar an bhfíseán; éisteacht An Phápa Beinidict XVI (2 Nollaig 2009): www.youtube.com/watch?v=SysPacymOlw (1 nóim). Déan teagasc an Phápa Beinidict XVI maidir leis an ngrá, a phlé leis na baill fhoirne eile agus ainmnigh dhá bhealach sa bhréis ina bhféadfadh na hoidí an grá Críostaí a chur i bhfeidhm i saol na scoile.



Paidir

Bíodh an Fhéile á Fuineadh Agam

A Íosa mhaith, múin dom a bheith fial flaithiúil leat,
fónamh duit de réir mar
atá tuillte agat,
tabhairt uaim gan an
costas a áireamh,
troid gan aird a thabhairt
ar na gonta,
oibriú gan a bheith ag iarraidh scíth a ligean,
saothrú gan luach saothair a iarraidh,
seachas luach saothair an eolais
go bhfuilim ag déanamh do thola.
Amen.

((Paidir ó 'Catholic Online':
www.catholic.org/prayers/prayer.php?p=769)